

Eleathanach216

Dé Luain 16 Samhain 2015

Oíche Uafásach i bPáras

Dé hAoine seo caite chualamar nuacht uafásach ó Pháras, an phríomhchathair sa Fhrainc. Bhí cluiche cairdiúil sacair ar siúl i *Stade de France*. Bhí Uachtarán na Fraince, François Hollande, i láthair. Go luath sa dara leath chuala an slua pléascán mór taobh amuigh den staid. Bhí trí bhuama ar fad ann.

In áiteanna eile scaoil fir gunnaí ar bhialanna agus ag ceolchoirm i halla mór sa chathair. Fuair a lán daoine bás.

Bhí brón agus uafás ar dhaoine ar fud an domhain nuair a chuala siad an nuacht seo. Bhí mórshiúl i mBaile Átha Cliath. Bhí dathanna na Fraince ar fhoirgnimh ar fud an domhain, chomh maith, chun tacaíocht a léiriú do mhuintir na Fraince.



Dathanna na Fraince ar Áras Ceoldrámaíochta Sydney

An Sacar Idirnáisiúnta: An Bhoisnia agus an Heirseagaivéin 1-1 Éire

Dé hAoine seo caite bhí cluiche mór sacair ag foireann na hÉireann. Cluiche as baile a bhí ann do na hÉireannaigh. Bhí sé ar siúl sa tír bheag sin an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin. Tá foireann láidir acu sin, agus tá cúpla imreoir iontach acu ar nós Miralem Pjanic agus Edin Dzeko. Cheap a lán daoine go mbeadh an bua ag Boisnia agus an Heirseagaivéin, go speisialta agus iad ag imirt sa bhaile.

Bhí an chéad chluiche an-chorraitheach, ach bhí sé deacair féachaint air! Bhí an aimsir go huafásach. Bhí ceo dlúth ann. Ach ansin tríd an gceo chualamar screadach agus ceiliúradh ag teacht ó lucht leanúnach na hÉireann! Bhí cúl álainn faighte ag Robbie Brady. Go luath ina dhiaidh sin áfach, fuair an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin cúl agus chríochnaigh an cluiche agus iad ar comhscór.

Beidh an dara cluiche ar siúl Dé Luain beag seo ag 7.45. Táimid go léir ar bís. Beidh áit ag na buaiteoirí ag Craobhchomórtas Sacair na hEorpa. Beidh an comórtas sin ar siúl sa Fhrainc an samhradh seo chugainn.



Bhí sé deacair an cluiche a fheiceáil leis an gceo dlúth!



Laochra an Phobail

Dé hAoine bhronn an Ceann Comhairle, Seán Barrett, duaiseanna speisialta ar laochra nua ón bpobal. Seo daoine a rinne rud an-chróg. Fuair 42 duine duais ag an ócáid speisialta seo.

Ina measc bhí cailín ó Phort Láirge, Róisín Halligan, a shábháil a col ceathrar ó theach a bhí trí thine. Shábháil John O'Donoghue a athair ó tharbh a bhí ar mire agus léim Garda Carroll Walsh isteach in abhainn chun cabhrú le bean a bhí i mbaol.